# TIRGHRA AGUS TEANGA

Walter Stock

Ce'n fath gur ceart d'Eireannach bheith ag foghlaim na Gaeilge? Ar son a thire duchais. Agus ce'n fath gur ceart d'Ameiriceanach bheith ag foghlaim na Gaeilge? Ar son a thire duchais.

B'fheidir go sileann sibh go bhfuil me ag magadh anois, ach nil me, chor ar bith. Nuair a bhionn Ameiriceanach ag faghail eolais ar thir ar bith eile, deanann se tairbhe d'Ameiricea.

Is docha go gcuala sibh go leir an tearma "an Corcan Leaite". Ciallann se gur as gach tir sa domhain a thagann daoine go h-Ameiricea, agus go meascann siad le cheile, chun naisiuin amhain a dheanamh. Go direach mar choimhiotal, is laidre agus is fearr an meascan so na a chuid d' chomhphairteanna. Mar an gceanna, meascann na cultuir le cheile, chun cultuir amhain a dheanamh. Nil rud ar bith is fearr is feidir le h-Ameiriceanach nua a dheanamh na an chuid is fearr da chultur duchais a thabhairt da thir nua.

Agus is maith d'Ameiricea freisin nuair a bhionn Ameiriceanai duchais ag faghail eolais ar thiortha eile. Ni mor a leithead so d'eolas a bheith againn, chun cabhru lenar gcairde agus chun ar namhad a sgriosadh, agus is fearr go minic e d'fhaghail o dhuine nar rugadh agus nar togadh sa tir i gceist, go mor-mhor i gcas cogaidh.

Ach is tir bheag Eire, agus ta si ar ar dtaobh-ne, pe sceal e. Narbh fhearr d'Ameiriceanach eolas ar an Ruis na ar an tSin d'fhaghail? Is tabhachtach na tiortha sin, ach ni ceart duinn dearmad a dheanamh ar na tiortha beaga. Is tir bheag Cuba, agus bhi si "ar an dtaobh" cupla bliain o shoin, ach feach ar Chuba anois! Ar an dtaobh eile, is beag an tir an Ghreig, ach is mor an mhaitheas a fuair an domhain go leir uaithi sa tsean-aimsir.